



2025/1379

16.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1379 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le digitíú an choimeádta taifeadh, leis an doiciméad tráchtála caighdeánach agus leis na deimhnithe sláinte caighdeánacha le haghaidh gluaiseacht seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta agus le haghaidh iompar aoiligh neamhphróiseáilte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 21(5), pointe (a) agus pointe (b), agus Airteagal 22(1), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, ceanglaítear, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh doiciméad tráchtála nó deimhniú sláinte ag gabháil le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas. Ina theannta sin, tá na hoibreoirí le taifid a choimeád de choinsíneachtaí agus de dhoiciméid tráchtála agus deimhnithe sláinte gaolmhara.
- (2) Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾ an doiciméad tráchtála caighdeánach agus an deimhniú sláinte caighdeánach le haghaidh gluaiseacht seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta, chomh maith leis an bhfad ar cheart taifid a choimeád.
- (3) Tá na taifid agus na doiciméid ghaolmhara le coimeád ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad chun go mbeidís ar fáil don údarás inniúil i gcás inar gá. Ós rud é go ndéanann córas leictreonach an Chórais um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) ⁽³⁾ leaganacha leictreonacha de dhoiciméid tráchtála agus deimhnithe sláinte a eisiúint agus a thaifeadadh, is iomchuí oibreoirí a dhíolmhú ón oibleagáid doiciméid tráchtála a choimeád sa chás ina bhfuair siad tríd an gcóras TRACES iad. Is iomchuí freisin oibreoirí a dhíolmhú ón oibleagáid deimhnithe sláinte ainmhithe a choimeád le haghaidh coinsíneachtaí d'aoileach neamhphróiseáilte sa chás ina bhfuair siad tríd an gcóras TRACES iad.
- (4) Ba cheart an deimhniú sláinte caighdeánach le haghaidh gluaiseachtaí seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a thabhairt cothrom le dáta leis an deimhniú sláinte caighdeánach is déanaí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinní 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2235/oj).

- (5) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ cuirtear toirmeasc ar ghluaiseacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia de thionscnamh na hIorua, agus cuirtear toirmeasc freisin ar bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia de thionscnamh na mBallstát a liostaítear i gCaibidil A, Roinn C, pointe 1.1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid. Ba cheart na toirmisc sin a léiriú sa doiciméad tráchtála chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/999/oj>).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VIII, leasaítear Caibidil III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

‘5. Coimeádfar na taifid agus na doiciméid tráchtála ghaolmhara nó na deimhnithe sláinte gaoimhara ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad chun go mbeidís ar fáil don údarás inniúil i gcás inar gá.

Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis na deimhnithe sláinte le haghaidh coinsíneachtaí d’aoileach neamhphróiseáilte ná leis na doiciméid tráchtála le haghaidh iompar seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe laistigh den Aontas Eorpach a eisítear tríd an gcóras TRACES.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

‘7. Deimhniú sláinte caighdeánach agus Doiciméad tráchtála caighdeánach

Deimhniú sláinte caighdeánach le haghaidh gluaiseachtaí seachtháirgí ainmhithe ó chríosanna srianta a bhunaítear chun galaír liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

AN tAONTAS EORPACH				INTRA		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	Coinsíneoir		I.2	Tagairt CBFRO	
		Ainm		I.2a	Tagairt áitiúil	
		Seoladh		I.3	Údarás Inniúil Lárnach	
		Tír	Cód tíre ISO	I.4	Údarás Inniúil Áitiúil	
	I.5	Coinsíní		I.6	Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála go neamhspleách ar bhunaíocht	
		Ainm			Ainm	Uimh. Chlárúcháin
		Seoladh			Seoladh	
	Tír	Cód tíre ISO	Tír	Cód tíre ISO		
	I.7	Tír thionscnaimh	Cód tíre ISO	I.9	Tír cinn scríbe	Cód tíre ISO
	I.8	Réigiún tionscnaimh	Cód	I.10	Réigiún cinn scríbe	Cód
I.11	Áit seolta		I.12	Ceann scríbe		
	Ainm	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa		Ainm	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa	
	Seoladh			Seoladh		
Tír	Cód tíre ISO	Tír	Cód tíre ISO			
I.13	Áit luchtaithe		I.14	Dáta agus am imeachta		
I.15	Modh iompair		I.16	Iompróir		
	☐ Soitheach	☐ Aerárthach		Ainm	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe	
	☐ Iarnród	☐ Feithicil bhóthair		Seoladh		
	Aitheantas	☐ Eile	Tír	Cód tíre ISO		
	Doiciméad		I.17	Doiciméid tionlacain		
Saghas	Cód	Tír		Cód tíre ISO		
Tagairt an doiciméid tráchtála						
I.18	Dálaí iompair	☐ Comhthimpeallach	☐ Fuaraithe	☐ Reoite		
I.19	Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala					
	Uimh. choimeádáin		Uimh. shéala			
I.20	An cineál deimhniúcháin					
	☐ Próiseáil	☐ Cóireáil	☐ Trasfhoirmiú			

I.21		☐ Le hiompar trí thríú tír			
Tríú tír				Cód tíre ISO	
Pointe imeachta				Cód an phoist rialaithe teorann	
Pointe iontrála				Cód an phoist rialaithe teorann	
I.22		☐ Le hiompar trí Bhallstát nó Ballstáit		I.23 ☐ Le honnmhairiú	
An Ballstát		Cód tíre ISO		Tríú tír	
An Ballstát		Cód tíre ISO		Cód tíre ISO	
An Ballstát		Cód tíre ISO		Pointe imeachta	
				Cód an phoist rialaithe teorann	
I.24		Tréimhse mheasta an turais		I.25 Loga turais ☐ is ann dó ☐ ní ann dó	
I.26		An líon iomlán pacáistí		I.27 Cainníocht iomlán	
I.28		Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán		I.29 Spás iomlán atá beartaithe don choinsíneacht	
I.30		Tuairisc ar an gcoinsíneacht			
Cód AC	Speiceas	Réigiún tionscnaimh	An cineál tráchtearra	Glanmheáchan	
Dáta bailithe/táirgthe		Catagóir			
Tástáil					

AN tAONTAS EORPACH

Seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a bhunaítear chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO
Cuid II: Deimhniú	Deimhnímhse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na seachtháirgí ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:		
	(1) <i>cibé acu</i> [II.1 Is ó ainmhithe a bhí á gcoimeád a fuarthas na seachtháirgí ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:		
	(1) <i>cibé acu</i> [arna marú chun cosc nó rialú a dhéanamh ar:		
	(1) <i>cibé acu</i> [.....(cuir isteach ainm an ghalair ábhartha de chatagóir A) de réir threoracha an údaráis inniúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/687 agus a bheartaítear a phróiseáil trí		
	(1) <i>cibé acu</i> [Modh 1 go 5.]]		
	(1) <i>nó</i> [loscadh.]]		
	(1) <i>nó</i> [comhloscadh.]]		
	(1) <i>nó</i> [.....(cuir isteach ainm an ghalair ábhartha atá ag teacht chun cinn) de réir threoracha an údaráis inniúil i gcomhréir le bearta éigeandála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 agus a bheartaítear a phróiseáil trí		
	(1) <i>cibé acu</i> [Modh 1 go 5.]]		
	(1) <i>nó</i> [loscadh.]]		
	(1) <i>nó</i> [comhloscadh.]]		
	(1) <i>nó</i> [nach bhfuil faoi réir a maraithé ag an údarás inniúil chun galair de chatagóir A nó galair atá ag teacht chun cinn a chosc agus a rialú, agus iad á gcoinneáil i mbunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta a bunaíodh chun galair ainmhithe a chosc agus a rialú i gcomhréir le		
	(1) <i>cibé acu</i> [Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687,]		
	(1) <i>nó</i> [bearta speisialta rialaithe galar sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2016/429,]		
	(1) <i>nó</i> [bearta éigeandála arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429,]		
	agus tá na seachtháirgí ainmhithe á n-aistriú ón gcrios srianta sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in (2), le haghaidh		
	(1) <i>cibé acu</i> [próiseáil trí mhodhanna 1-5 mar a leagtar amach i gCaibidil II d'Iarscríbhinn IV agus i gcás sadhlúsú seachtháirgí a fuarthas ó ainmhithe uisceacha mar a leagtar amach i bpointe K de Roinn 2 de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]		
	(1) <i>nó</i> [próiseáil nó cóireáil trí mhodhanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn X, XI nó XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]		
	(1) <i>nó</i> [bia peataí próiseáilte a tháirgeadh, seachas bia peataí amh dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]		
	(1) <i>nó</i> [trasfhoirmiú ina múirín nó ina mbithghás dá dtagraítear i Roinn 1 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]		

AN tAONTAS EORPACH

Seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a bhunaítear chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

(1) <i>nó</i> [II.1	Na seachtháirgí ainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a fuarthas ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe a bhí marbh nuair a fuarthas iad nó a maraíodh chun...<i>(cuir isteach ainm an ghalair ábhartha de chatagóir A)</i> a chosc agus a rialú de réir threoracha an údaráis inniúil ⁽³⁾ i gcomhréir le hAirteagal 64(2), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus a bheartaítear a phróiseáil trí (1) <i>cibé acu</i> [Modh 1 go 5.]] (1) <i>nó</i> [loscadh.]] (1) <i>nó</i> [comhloscadh.]]										
Nótaí											
I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, <u>(IO L 102, 17.4.2023, lch. 87)</u>.											
Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh gluaiseachtaí seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a bhunaítear chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlánú na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.											
Cuid I: — Tagairt bhosca I.9 agus I.11: scrios de réir mar is iomchuí. — Tagairt bhosca I.11, I.12 agus I.16: uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin. — Tagairt bhosca I.13: comhlánaigh é seo murab ionann é agus 'I.1. Coinsíneoir'. — Tagairt bhosca I.20: 'próiseáil', 'cóireáil', nó 'trasfhoirmiú' — Tagairt bhosca I.30: An cineál tráchtearra: 'Seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.' Catagóir: 'Catagóir 1', 'Catagóir 2', nó 'Catagóir 3'											
Cuid II: (1) Scrios de réir mar is iomchuí. (2) Cuir isteach uimhir an airteagail nó na n-airteagal ábhartha, teideal agus dáta foilsithe an ghnímh dhlíthiúil ábhartha in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> arna ghlacadh ag an gCoimisiún agus lena soláthraítear na coinníollacha sin nó an tagairt don ghníomh dlíthiúil nó don treoir dhlíthiúil arna formheas agus arna cur i láthair go poiblí ag an údarás inniúil lena bhforáiltear maidir leis na coinníollacha sin. (3) Féach an reachtaíocht speisialta maidir le galair in-tarchurtha a chosc.											
Tréidlia oifigiúil <table border="0"> <tr> <td>Ainm (i gceannlitreacha)</td> <td>Cáilíocht agus teideal</td> </tr> <tr> <td>Ainm an Aonaid Rialaithe</td> <td>Cód an Aonaid Rialaithe</td> </tr> <tr> <td>Áitiúil</td> <td>Áitiúil</td> </tr> <tr> <td>Dáta</td> <td></td> </tr> <tr> <td>Stampa</td> <td>Síniú</td> </tr> </table>		Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal	Ainm an Aonaid Rialaithe	Cód an Aonaid Rialaithe	Áitiúil	Áitiúil	Dáta		Stampa	Síniú
Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal										
Ainm an Aonaid Rialaithe	Cód an Aonaid Rialaithe										
Áitiúil	Áitiúil										
Dáta											
Stampa	Síniú										

Doiciméid tráchtála caighdeánach

Le haghaidh iompar seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe laistigh den Aontas Eorpach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009

AN tAONTAS EORPACH

Doiciméad tráchtála

Cuid I: Sonraí na coinsíneachta seolta	I.1. Coinsíneoir Ainm Seoladh Uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin Cód poist				I.2. Uimh. thagartha an doiciméid		I.2.a. Uimh. thagartha áitiúil	
					I.3. Údarás inniúil lárnach			
					I.4. Údarás inniúil áitiúil			
	I.5. Coinsíní Ainm Seoladh Cód poist Uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin Teil.				I.6. Trádálai cláraithe Ainm Uimhir chlárúcháin Seoladh Cód poist An Ballstát			
					I.7			
	I.8. Tír thionscnaimh		Cód ISO	I.9. Réigiún tionscnaimh		Cód	I.10. Tír cinn scribe	
							I.11. Réigiún cinn scribe	
	I.12. Áit tionscnaimh Bunaíocht ☐ Ainm Uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin Seoladh Cód poist				I.13. Ceann scribe Bunaíocht ☐ Ainm Uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin Seoladh Cód poist			
	I.14. Áit luchtaithe				I.15. Dáta imeachta			
I.16. Modh iompair Eitleán ☐ Long ☐ Vaigín iarnróid ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile ☐ Sainaitheint:				I.17. Iompróir Ainm Uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin Seoladh Cód poist An Ballstát				
I.18. Tuairisc ar an tráchtearra						I.19. Cód an tráchtearra (cód CN)		
						I.20. Cainníocht iomlán		
I.21. Teocht na dtáirgí Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite ☐ Teocht rialaithe ☐						I.22. An líon pacáistí		
I.23. Uimhir an tSéala i gcás ina bhfuil séala forchurtha ag an údarás inniúil agus uimhir aitheantais BIC an Choimeádáin						I.24. Cineál pacáistíochta		
I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh: Beatha ainmhithe ☐ úsáid i mbia peataí ☐ leasacháin orgánacha/feabhsaitheoirí ithreach ☐ Úsáid theicniúil ☐ Tá an choinsíneacht faoi réir na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. ☐ Ola éisc/min éisc de Chatagóir 3 ina bhfuil leibhéal iomarcach nó leibhéal iomarcacha dé-ocsainí agus/nó défheinilí polaclóirínithe atá beartaithe lena dhíthocsainiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/786. ☐								
I.26.				I.27. Iompar trí Bhallstát ☐ An Ballstát Cód ISO An Ballstát Cód ISO An Ballstát Cód ISO				
I.28. Onnmhairiú Tríú tír Cód ISO Pointe imeachta Cód				I.29.				
I.30.								
I.31. Sainaitheint na dtráchtearraí Uimhir formheasa na mbunaíochtaí Speiceas An cineál tráchtearra Catagóir Cineál cóireála Monarcha mhonaraíochta Baiscuimhir								

TÍR

Seachtháirgí ainmhithe/táirgí díorthaithe

II.	Faisnéis sláinte	II.a.	Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.
II.1.	Dearbhú ón gcoinsíneoir			
	Dearbhaím, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, an méid seo a leanas:			
II.1.1.	go bhfuil an fhaisnéis i gCuid I ceart ó thaobh na bhfóras de.			
II.1.2.	go ndearnadh na réamhchúraimí uile chun éilliú na seachtháirgí ainmhithe nó na dtáirgí díorthaithe le hoibreachaín phataigineacha agus traséilliú idir catagóirí éagsúla a sheachaint.			
	Nótaí			
	Cuid I:			
	— Tagairt bhosca I.1: An duine dlítheanach nó fisiciúil atá ag ordú an iompair agus a shonraítear sa doiciméad a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún ar an gconradh le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar (CMR) a síníodh sa Ghinéiv an 19 Bealtaine 1956, arna leasú leis an bPrótacal a síníodh sa Ghinéiv an 5 Iúil 1978.			
	— Tagairt bhosca I.5: An duine dlítheanach nó fisiciúil a bhfuil an choinsíneacht beartaithe dó.			
	— Tagairt bhosca I.6 [más iomchuí]: Ainm, seoladh, uimhir chlárúcháin an trádálaí chláraithe.			
	— Tagairt bhosca I.9 agus I.11: más iomchuí.			
	— Tagairt bhosca I.12, I.13: uimhir formheasa nó uimhir chlárúcháin.			
	I gcás:			
	— táirgí atá faoi réir Airteagal 48(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, gléasra stórála, gléasra loiscthe nó gléasra comhloiscthe atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 23(1), pointe (a), den Rialachán sin, agus an gléasra sin amháin; bunaíocht nó gléasra atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 nó i gcás aoiligh, an fheirm cinn scríbe údaithe;			
	— ola éisc nó min éisc d'ábhar de Chatagóir 3 atá beartaithe lena dhíthocsainiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/786, sonraigh uimhir formheasa an ghléasra cinn scríbe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 nó (AE) 2015/786.			
	— Tagairt bosca I.14: comhlánaigh é seo murab ionann é agus I.1. agus I.12.			
	— Tagairt bhosca I.17: uimhir chlárúcháin nó uimhir formheasa an iompróra iarbhír. Más ionann an fhaisnéis sin agus a bhfuil i mBosca I.6, ná húsáid ach bosca I.17.			
	— Tagairt bhosca I.23: i gcás iompar i gcoimeádán, tá uimhir aitheantais iomlán an choimeádáin ('cód BIC') éigeantach.			
	— Tagairt bhosca I.25: úsáid theicniúil: aon úsáid eile seachas mar bheatha d'ainmhithe nó mar leasacháin orgánacha nó feabhsaitheoirí ithreach. Ní úsáidfear táirgí teicniúla i mbeatha, bia peataí, leasacháin orgánach ná feabhsaitheoirí ithreach.			
	— Tagairt bhosca I.31:			
	Speiceas ainmhióch: I gcás ábhar de Chatagóir 3 agus táirgí a dhíorthaítear as sin a bheartaítear lena n-úsáid mar ábhar beatha. Roghnaigh ceann acu seo a leanas: <i>aves</i> , athchogantaigh, <i>suidae</i> , <i>Mammalia</i> eile, <i>pesca</i> , <i>mollusca</i> , <i>crustacea</i> , <i>insecta</i> (speiceas, más iomchuí), inverteabraigh eile, speicis neamh-athchogantacha mheasctha, speicis mheasctha ina bhfuil athchogantaigh.			

TÍR

Seachtháirgí ainmhithe/táirgí díorthaithe

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.
An cineál tráchtearra: Catagóir:	Cuir isteach tráchtearra ón liosta seo a leanas: ‘seachtháirgí beachaireachta’, ‘táirgí fola’, ‘fuil’, ‘min fola’, ‘iarmhair ó dhíleá’, ‘ábhar ó chonair an díleá’, ‘ábhar coganta do mhadraí’, ‘min éisc’, ‘ionathar blaistithe’, ‘geilitín’, ‘geirdheascadh’, ‘seithí agus craicne’, ‘próitéiní hidrealaithe’, ‘leasacháin orgánacha/feabhsaitheoirí ithreach’, ‘bia peataí’, ‘próitéin ainmhíoch phróiseáilte’, ‘seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a tháirgeadh’, ‘bia peataí amh’, ‘sailte leáite’, ‘múirín’, ‘aoileach próiseáilte’, ‘ola éisc’, ‘táirgí bainne’, ‘táirgí ón ngruth buí’, ‘sloa lártheifneora nó deighilteora ó phróiseáil bainne’, ‘fosfáit déchailciam’, ‘fosfáit tréchailciam’, ‘collaigin’, ‘táirgí uibhe’, ‘séiream ó eachainmhithe’, ‘trófaithe géim’, ‘olann’, ‘gruaig’, ‘guairí muc’, ‘cleití’, ‘seachtháirgí ainmhithe le haghaidh próiseála’, ‘táirgí díorthaithe’, ‘min feola agus cnámh’, ‘corpáin’, ‘aoileach’, ‘díorthaigh shaille’, ‘glicrín’, ‘seanábhair bhia’, ‘dramhaíl lónadóireachta’, ‘ola cócaireachta caite’, ‘seithí agus craicne cóireáilte’, ‘meáin fáis’, ‘peataí marbha’, ‘seanábhair bheatha’, ‘[cineál [seachtháirge ainmhí] nó táirgí díorthaithe] measctha le dramhaíl neamhghuaiseach [cód EURL]’, ‘uibheacha’, ‘seachtháirgí gormlaine’, ‘suthanna in uibheacha nó gan a bheith iontu’, ‘fuíoll feithidí’, ‘fuíoll feithidí próiseáilte’, ‘cleite cóireáilte’, ‘guairí muc cóireáilte’. Sonraigh ábhair de Chatagóirí 1, 2 nó 3. I gcás ábhar de Chatagóir 3 a bheartaítear lena úsáid mar ábhar beatha, sonraigh an pointe d’Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a thagraíonn don seachtháirge ainmhithe lena mbaineann (mar shampla, Airteagal 10, pointe (a), Airteagal 10, pointe (b), etc.). I gcás ábhar de Chatagóir 3 lena úsáid i mbia peataí amh, sonraigh ‘3a’, ‘3b(i)’ nó ‘3b(ii)’ agus sin ag brath ar an dtagraítear do na seachtháirgí ainmhithe in Airteagal 10, pointe (a) nó pointe (b)(i) nó (ii), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. I gcás seithí agus craicne agus táirgí a dhíorthaítear uathu, sonraigh ‘3b(iii)’ nó ‘3(n)’ agus sin ag brath ar an dtagraítear do na seachtháirgí ainmhithe nó na táirgí díorthaithe in Airteagal 10, pointe (b)(iii) nó pointe (n), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Cineál cóireála: I gcás seithí agus craicne cóireáilte, sonraigh an chóireáil: ‘(a)’ triomaithe; ‘(b)’ tirimshailte nó fliuchshailte ar feadh tréimhse 14 lá ar a laghad sula seoltar iad; ‘(c)’ saille le salann mara arna bhreisiú le 2 % carbónáit sóidiam ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad. I gcás ábhair de Chatagóir 1 agus 2, tabhair tuairisc ar an modh próiseála nó trasfhoirmithe. Sonraigh an modh próiseála ábhartha (roghnaigh modh ó 1 go 5 dá dtagraítear i gCaibidil III nó modh malartach dá dtagraítear i gCaibidil IV d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011) nó modh próiseála le haghaidh aoileach próiseáilte dá dtagraítear in Airteagal XI a ghabhann leis an Rialachán sin agus sonraigh an dáta a marcáladh é le tríheaptánóait ghlicrile, de réir mar is infheidhme.	

TÍR

Seachtháirgí ainmhithe/táirgí díorthaithe

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.
I gcás ábhar de Chatagóir 3 atá beartaithe lena úsáid i mbeatha, féach an Roinn iomchuí d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. I gcás táirgí díorthaithe ó ábhar de Chatagóir 3 a bheartaítear lena n-úsáid i mbeatha, sonraigh an modh próiseála caighdeánach ábhartha: (a) modh ó 1 go 7 dá dtagraítear i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcás próitéin ainmhíoch phróiseáilte, (b) modh malartach dá dtagraítear i gCaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcás sadhlasú, nó (c) tabhair tuairisc ar chineál an chóireála agus ar na modhanna cóireála a leagtar amach i gCaibidil II d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. Déanfar ola éisc nó min éisc lena dhíthocsainiú a lipéadú mar 'ola éisc nó min éisc ina bhfuil leibhéal iomarcach dé-ocsainí agus/nó défheinilí polaclóirínithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/32/CE a bheartaítear lena dhíthocsainiú i mbunaíocht a fhorhmeas i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009' Déanfar coinsíneachtaí de bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia mar seo a leanas: 'Baoití sealgaireachta seachas iad siúd a bhfuil toirmeasc orthu faoi Chaibidil A, Roinn C, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 agus iad siúd ón Iorua'. Baiscuimhir: Cuir isteach baiscuimhir nó uimhir chlib cluaise, más infheidhme. Monarcha mhonaraíochta: I gcás próitéin ainmhíoch phróiseáilte agus ábhair bheatha eile, sonraigh an gléasra próiseála arna fhorhmeas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. Cuid II: — Beidh dath an tsínithe difriúil ó dhath an chló.		
Síniú Arna dhéanamh i/in/sa an (áit) (dáta) (síniú an duine atá freagrach san áit tionscnaimh) (ainm, i gceannlitreacha)		

;

(2) in larscríbhinn XI, Caibidil I, Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘3. Fianú sláinte caighdeánach atá le cur leis an doiciméad tráchtála:

AN tAONTAS EORPACH				INTRA		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	Coinsíneoir		I.2	Tagairt CBFRO	
		Ainm		I.2a	Tagairt áitiúil	
		Seoladh		I.3	Údarás Inniúil Lárnach	
		Tír	Cód tíre ISO	I.4	Údarás Inniúil Áitiúil	
	CÓD QR					
	I.5	Coinsíní		I.6	Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála go neamhspleách ar bhunaíocht	
		Ainm			Uimh. Chlárúcháin	
		Seoladh				
		Tír	Cód tíre ISO		Tír	
			Cód tíre ISO			
I.7	Tír thionscnaimh	Cód tíre ISO	I.9	Tír cinn scríbe	Cód tíre ISO	
I.8	Réigiún tionscnaimh	Cód	I.10	Réigiún cinn scríbe	Cód	
I.11	Áit seolta		I.12	Ceann scríbe		
	Ainm	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa		Ainm		
	Seoladh			Uimh. Chlárúcháin/Formheasa		
	Tír	Cód tíre ISO		Tír		
		Cód tíre ISO				
I.13	Áit luchtaithe		I.14			
I.15	Modh iompair		I.16			
	☐ Soitheach	☐ Aerárthach	Iompróir			
			Ainm			
	☐ Iarnród	☐ Feithicil bhóthair	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe			
			Seoladh			
			Tír			
Aitheantas	☐ Eile	Cód tíre ISO				
Doiciméad						
			I.17			
			Doiciméid tionlacain			
			Saghas			
			Cód			
			Tír			
			Cód tíre ISO			
			Tagairt an doiciméid tráchtála			
I.18	Dálaí iompair		☐ Comhthimpeallach			
I.19	Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala					
		Uimh. choimeádáin	Uimh. shéala			

I.20 An cineál deimhniúcháin ☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach ☐ Úsáid theicniúil			
I.21 ☐ Le hiompar trí thríú tír Tríú tír Pointe imeachta Pointe iontrála		Cód tíre ISO Cód an phoist rialaithe teorann Cód an phoist rialaithe teorann	
I.22 ☐ Le hiompar trí Bhallstát nó Ballstáit		I.23 ☐ Le honnmhairiú	
An Ballstát	Cód tíre ISO	Tríú tír	Cód tíre ISO
An Ballstát	Cód tíre ISO	Pointe imeachta	Cód an phoist rialaithe teorann
An Ballstát	Cód tíre ISO		
I.24 Tréimhse mheasta an turais		I.25 Loga turais ☐ is ann dó ☐ ní ann dó	
I.26 An líon iomlán pacáistí		I.27 Cainníocht iomlán	
I.28 Glanmheáchan/oilmeáchan (kg) iomlán		I.29 Spás iomlán atá beartaithe don choinsíneacht	
I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht Cód AC Speiceas An cineál tráchtearra: Réigiún tionscnaimh Glanmheáchan aoileach neamhphróiseáilte			

AN tAONTAS EORPACH

Aoileach neamhphróiseáilte

II. Faisnéis sláinte		II.a	Tagairt an deimhnithe	II.b	Tagairt CBFRO
Cuid II: Deimhniú	III.	Fianú sláinte			
		Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m’ainm anseo thíos, go dtuigim gur thoiligh údarás inniúil an chinn scríbe leis an aoileach neamhphróiseáilte a thabhairt isteach ar a chríoch agus go gcomhlíonann an t-aoileach neamhphróiseáilte dá dtagraítear i dtagairt bhosca I.30 na coinníollacha seo a leanas:			
	(a)	i gcás aoileach neamhphróiseáilte éanlaithe clóis ⁽¹⁾ :			
		[Is de thionscnamh limistéir nach bhfuil faoi réir srianta de bhua ghalar Newcastle nó an fhliú éanúil é an t-aoileach.]			
		agus [I gcás aoileach neamhphróiseáilte ó ealtaí éanlaithe clóis atá vacsaínithe in aghaidh ghalar Newcastle, ní sheoltar an t-aoileach chuig réigiún a bhfuil stádas neamhvacsaínithe ghalar Newcastle faighte aige de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, larscríbhinn V, Cuid IV.]			
	(b)	i gcás aoileach neamhphróiseáilte de speicis seachas éanlaith chlóis nó <i>equidae</i> ⁽¹⁾ :			
		[Is de thionscnamh limistéir nach bhfuil faoi réir srianta de bhua galar in-tarchurtha tromchúiseach é an t-aoileach.]			
		agus			
		cibé acu [Tá an t-aoileach beartaithe lena phróiseáil i ngléasra chun táirgí díorthaithe a mhonarú a bheartaítear lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beathaithe nó is aoileach é a bheartaítear lena thrasfhoirmiú go bithghás nó go múirín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 d’fhonn aoileach próiseáilte nó táirgí aoiligh próiseáilte a mhonarú.]			
		nó [Tá sé beartaithe an t-aoileach a chur ar thalamh gabhátais.]			
	Nótaí				
	I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).				
	Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh gluaiseachtaí aoiligh neamhphróiseáilte.				
	Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlánú na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d’larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.				
	Cuid I:				
	— Tagairt bhosca I.8 agus I.10: más iomchuí.				
	— Tagairt bhosca I.11, I.12 agus I.16: uimhir formheasa nó uimhir chláraithe.				
	— Tagairt bosca I.16: comhlánaigh é seo murab ionann é agus ‘I.1. Coinsíneoir’.				
	— Tagairt bhosca I.20: úsáid theicniúil: aon úsáid eile seachas mar bheatha d’ainmhithe.				
	Cuid II:				
	(1) Scríos de réir mar is iomchuí.				
	Tréidlia oifigiúil				
	Ainm (i gceannlitreacha)		Cáilíocht agus teideal		
	Ainm an Aonaid Rialaithe		Cód an Aonaid Rialaithe		
	Áitiúil		Áitiúil		
	Dáta				
	Stampa		Síniú		